An Coimisiún Reifrinn



# Tuarascáil ar an Reifreann ar an mBille um an Tríochadú Leasú ar an mBunreacht (Conradh ar Chobhsaíocht, ar Chomhordú agus ar Rialachas san Aontas Eacnamaíoch agus Airgeadaíochta) 2012

Referendum2012.ie



# Brollach

An 30ú Márta 2012, bhunaigh an tAire an Coimisiún Reifrinn ar an mBille um an Tríochadú Leasú ar an mBunreacht (Conradh ar Chobhsaíocht, ar Chomhordú agus ar Rialachas san Aontas Eacnamaíoch agus Airgeadaíochta) 2012 trí ordú chun na feidhmeanna a bronnadh air le hAcht an Reifrinn 1998, arna leasadh le hAcht an Reifrinn 2001, a chomhlíonadh i leith an reifrinn.

Tar éis dom a bheith ainmnithe ag an bPríomh-Bhreitheamh, rinneadh Cathaoirleach an Choimisiúin díom, agus ba iad an ceathrar comhaltaí eile na daoine sonraithe a ceapadh *ex officio*.

Leis seo, de bhun Alt 14(1) d'Acht an Reifrinn 1998, cuirim tuarascáil an Choimisiúin Reifrinn, maidir le feidhmiú a fheidhmeanna i leith an reifrinn ar an mBille um an Tríochadú Leasú ar an mBunreacht (Conradh ar Chobhsaíocht, ar Chomhordú agus ar Rialachas san Aontas Eacnamaíoch agus Airgeadaíochta) 2012, i láthair an Aire Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil.



**Kevin Feeney**
Breitheamh Ard-Chúirte
Cathaoirleach
**An Coimisiún Reifrinn**

Lúnasa 2012

Arna fhoilsiú ag:

**An Coimisiún Reifrinn,**
**18 Sráid Líosan Íochtarach,**
**Baile Átha Cliath 2.**

**Teil:** +353 1 6395695
**Facs:** +353 1 6395684
**Íosghlao:** 1890 270 970

**Rphost:** refcom@refcom.gov.ie
**Suíomh Idirlín (Feachtas 2012):** www.referendum2012.ie
**Suíomh idirlín an Choimisiúin féin:** www.refcom.ie

# Clár na nÁbhar

**Caibidil 1** Réamhrá
- Dátaí Buntábhachtacha
- Bunú an Choimisiúin Reifrinn
- Ról an Choimisiúin Reifrinn
- Maoiniú an Choimisiúin Reifrinn
- Próiseas Faighte Seirbhísí
- Cruinnithe
- Foireann

**Caibidil 2** Straitéis an Fheachtais Faisnéise
- An Straitéis
- Eilimintí an Fheachtais

**Caibidil 3** Feachtas Faisnéise an Choimisiúin
- An Leabhrán Treorach do gach teaghlach
- An Suíomh Idirlín
- Meáin eile trína raibh faisnéis le fáil
- An feachtas fógraíochta
- Idirghíomhaíocht leis an bPreas
- Na Meáin Shóisialta
- Torthaí taighde ar fheachtas an Choimisiúin

**Caibidil 4** An tAthbhreithniú Breithiúnach

**Caibidil 5** Comhlachtaí a Cheadú chun Críocha an Reifrinn

**Caibidil 6** Moltaí

Buíochas

Aguisín
- Caiteachas ar an bhFeachtas Faisnéise



# Caibidil 1. Réamhrá

## Dátaí Buntábhachtacha

Reáchtáladh an reifreann ar an ar an mBille um an Tríochadú Leasú ar an mBunreacht (Conradh ar Chobhsaíocht, ar Chomhordú agus ar Rialachas san Aontas Eacnamaíoch agus Airgeadaíochta) 2012 an 31ú Bealtaine 2012. An 30ú Márta, bhunaigh an tAire Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil Coimisiún Reifrinn neamhspleách, agus cheadaigh Tithe an Oireachtais téacs Bhille an Reifrinn an 24ú Aibreán. An 30ú Aibreán, rinne an tAire ordú (lá na vótaíochta) lenar ceapadh an 31ú Bealtaine mar lá na vótaíochta.

## Bunú an Choimisiúin Reifrinn

Faoi Acht an Reifrinn 1998, gach ócáid go mbíonn reifreann le reáchtáil, féadfaidh an tAire Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil, dá rogha féin, Coimisiún Reifrinn a bhunú. Bunaítear Coimisiún trí Ordú (Bunú) arna dhéanamh ag an Aire i leith an reifrinn atá beartaithe. Foráiltear le hAcht 1998 go mbeidh Cathaoirleach an Choimisiúin ina iarbhreitheamh nó ina hiarbhreitheamh sa Chúirt Uachtarach nó san Ard-Chúirt nó ina bhreitheamh nó ina breitheamh san Ard-Chúirt.

An 30ú Márta 2012, rinne an tAire Ordú (Bunú) i leith an reifrinn ar an mBille um an Tríochadú Leasú ar an mBunreacht (Conradh ar Chobhsaíocht, ar Chomhordú agus ar Rialachas san Aontas Eacnamaíoch agus Airgeadaíochta) 2012. Ghlac an tUas. Kevin Feeney, Breitheamh de chuid na hArd-Chúirte, leis an ainmniúchan ón bPríomh-Bhreitheamh le gníomhú mar Chathaoirleach an Choimisiúin Reifrinn a bhunaigh an tAire.

Comhaltaí *ex officio* ab ea na comhaltaí eile nuair a bunaíodh an Coimisiún:

- An tUasal Kieran Coughlan, Cléireach Dháil Éireann,
- Deirdre Lane, Uas., Cléireach Sheanad Éireann,
- Emily O'Reilly, Uas., Ombudsman,
- An tUas Gerard Smyth, Rúnaí agus Stiúrthóir Iniúchóireachta, Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas.

Rinneadh comhalta den Choimisiún den Uas. Smyth toisc go raibh post an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste folamh nuair a bunaíodh an Coimisiún. Foráiltear le hAcht an Reifrinn 1998, i gcás go mbeidh post an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste folamh, go mbeidh Rúnaí agus Stiúrthóir Iniúchóireachta Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste ina c(h)omhalta den Choimisiún. Ceapadh an tUas. Séamus McCarthy i bpost an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste an 28ú Bealtaine 2012 agus rinneadh comhalta den Choimisiún de ón dáta sin ar aghaidh agus é ag dul in ionad an Uas. Smyth.

## Ról an Choimisiúin Reifrinn

Ba é seo a leanas príomhról an Choimisiúin ó 2001 i leith:

a) ráiteas amháin nó níos mó a ullmhú, ina mbeidh míniú ginearálta ar ábhar an togra agus ar théacs an togra sa Bhille ábhartha chomh maith le haon fhaisnéis eile is cuí leis an gCoimisiún agus a bhaineann leis na nithe sin;

b) na ráitis sin a fhoilsiú agus a dháileadh ar cibé bealach agus ar cibé meán lena n áirítear meáin teilifíse, raidió agus meáin leictreonacha eile is dóichí leis an gCoimisiún a tharraingeoidh aird na dtoghthóirí ar na ráitis sin agus a chinntiú, oiread agus a bheidh indéanta, go gcumasóidh na meáin a úsáidfear dóibh siúd atá faoi mhíchumas amhairc nó éisteachta, na ráitis atá i gceist a léamh nó a chloisteáil;

c) feasacht an phobail ar an reifreann a chur chun cinn agus na toghthóirí a spreagadh chun vótáil lá na vótaíochta.

## Maoiniú an Choimisiúin Reifrinn

Leithdháil Roinn an Taoisigh buiséad €2.2 milliún ar an gCoimisiún don fheachtas faisnéise. Mar chomparáid, buiséad €5 mhilliún a leithdháileadh don chéad fheachtas maidir le Conradh Liospóin agus leithdháileadh €4.2 milliún don dara feachtas maidir le Conradh Liospóin.

Dearbhaíodh le hiniúchóireacht ar chuntais an Choimisiúin Reifrinn gur leanadh nósanna imeachta cearta um chúrsaí airgeadais. Fuarthas fosta go raibh na nósanna imeachta maidir leis an bpróiseas faighte seirbhísí de réir threoirlínte na Roinne Airgeadais um Sholáthar Poiblí.

Ba é €2,053,427 an caiteachas foriomlán. Tugtar mionsonraí san aguisín a ghabhann leis an tuarascáil seo.

De thoradh a straitéise don fheachtas, agus mar gheall ar an tréimhse ghairid a bhí ar fáil dó, rith an Coimisiún feachtas a bhí an-éifeachtach ó thaobh costas agus a d'fhág gur tugadh €146,573 dá bhuiséad ar ais do Roinn an Taoisigh. Tháinig €83,424 de chostais dlí gan choinne a raibh ar an gCoimisiún a chaitheamh de bharr an chaigne dlí neamhrathúil a thionscain Piaras Ó Dochartaigh, Teachta Dála.

## Próiseas Faighte Seirbhísí

Ní aonán leanúnach ar chor ar bith an Coimisiún Reifrinn ó thaobh an dlí de agus ní thagann sé ar an saol ach amháin nuair a bhunaítear trí Ordú ó Aire é.

Reáchtáladh comórtas oscailte um sholáthar poiblí i mí Lúnasa/Meáin Fómhair 2011 le seirbhísí margaíochta/bainistíochta tionscadal/sainchomhairliúcháin chumarsáide a sholáthar don Choimisiún Reifrinn a bunaíodh don Bhille um an Naoú Leasú is Fiche ar an mBunreacht (Tuarastal Breithiúna) 2011 agus don Bhille um an Tríochadú Leasú ar an mBunreacht (Fiosrúcháin Thithe an Oireachtais) 2011. Choimeád an Coimisiún Reifrinn an ceart aige féin, dá lánrogha féin amháin, leas a bhaint as an nós imeachta idirbheartaithe de bhun Airteagal 31(4)(b) de Threoir 2004/18/CE maidir le conradh/conarthaí breise a bhronnadh le haghaidh na seirbhísí céanna dá mbeidís ag teastáil le haghaidh reifrinn/reifreann eile a d'fhéadfaí a reáchtáil in Éirinn faoi cheann trí bliana ón tráth a thagann deireadh leis an gconradh leis an oibreoir a roghnaíodh do na feachtais reifrinn úd.

Bhuaigh cuibhreannas, arbh iad Murray Consultants (caidreamh poiblí) a bhí i gceannas air, an comórtas in 2011 agus bhí Chemistry (fógraíocht) agus Aegis Media Ireland Ltd T/A Carat Ireland (pleanáil/ceannach meán cumarsáide) ina gcomhpháirtithe sa chuibhreannas freisin. Tar éis don Choimisiún Reifrinn a bheith bunaithe i mí an Mhárta 2012, rinne an Coimisiún a mhachnamh cibé acu an mbainfeadh sé leas as an nós imeachta idirbheartaithe agus rinne an cinneadh leas a bhaint as an rogha leis an gcuibhreannas céanna a choinneáil.

Tar éis prósis oscailte um sholáthar poiblí, is ar An Post a bronnadh an conradh le leabhrán treorach an Choimisúin faoin gConradh maidir le Cobhsaíocht Fhioscach a dháileadh go náisiúnta.

## Cruinnithe

Tháinig comhaltaí an Choimisiúin le chéile le haghaidh naoi gcinn de sheisiúin fhoirmiúla.

## Foireann

Sholáthair baill foirne ón gCoimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí agus ó Oifig an Ombudsman an rúnaíocht don Choimisiún Reifrinn. Is iad Oifig an Ombudsman agus an Coimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí a sheas na costais foirne sin agus níor íocadh iad as na buiséid don fheachtas faisnéise. Ní bhfuair an Cathaoirleach ná comhaltaí eile an Choimisiúin Reifrinn aon íocaíocht as obair don Choimisiún.

## An Straitéis

Chinn an Coimisiún, in ainneoin na ndeacrachtaí ó thaobh cúrsaí loighistice a bhain leis an achar ama fíorghearr idir an reachtaíocht a bheith rite ag Tithe an Oireachtais (24ú Aibreán) agus lá na vótaíochta féin (31ú Bealtaine), gur cheart go mbeadh leabhrán treorach maidir leis an reifreann, a d'ullmhófaí agus a dháilfí ar gach teaghlach sa Stát, ina phríomheilimint dá fheachtas. Ba é cuspóir na hoibre leis an leabhrán treorach a ullmhú, a dréachtaíodh le cúnamh comhairleoirí dlí, go gcinnteofaí go mbeadh míniú cothrom faisnéiseach faoin leasú a bhí beartaithe ar fáil do thoghthóirí ó fhoinse a bhí neodrach neamhchlaonta. Thabharfaí eilimintí lárnacha an togra sa leabhrán treorach agus le cois lena dháileadh ar bhonn náisiúnta, d'fhoilseofaí ábhar an leabhráin ar shuíomh idirlín an Choimisiúin, in éineacht le hábhar míniúcháin bhreise. Seoladh an t-ábhar breise chuig vótálaithe nuair a iarradh é freisin.

Thacaigh feachtas fógraíochta sna meáin go léir leis an Leabhrán Treorach. Úsáideadh roinnt fógrán le beagán mionsonraí a thabhairt faoin togra reifrinn, agus úsáideadh fógráin eile – go háirithe an feachtas teilifíse – le feasacht ar an reifreann a chur chun cinn, le béim a leagan ar thábhacht na vótála agus le hinsint do vótálaithe cá háit a raibh faisnéis bhreise le fáil.

Thug an Cathaoirleach agus urlabhraithe eile an Choimisiúin cuid mhór agallamh do stáisiúin raidió náisiúnta agus réigiúnacha chun tograí an reifrinn a mhíniú freisin.

Chinn an Coimisiún freisin gur cheart dó feachtas a rith chun daoine a spreagadh chun clár na dtoghthóirí a sheiceáil agus a n-ainmneacha a chur leis mura raibh siad air cheana féin. Den chéad uair, d'úsáid an Coimisiún feidhmchlár de chuid Facebook chun éascú leis seo agus d'úsáid siad meán sóisialta Twitter chun mionsonraí a fheachtais a fhógairt freisin.

## Eilimintí an Fheachtais

Ba iad seo a leanas príomheilimintí fheachtas an Choimisiúin:

1. Leabhrán treorach a ullmhú agus a dháileadh ar bhonn náisiúnta leis an gceist a raibh na toghthóirí le vótáil ina leith a mhíniú.
2. An t-ábhar seo agus ábhar cúlra breise a fhoilsiú ar an suíomh idirlín aonfheidhme www.referendum2012.ie.
3. Feachtas 'Cláraigh chun Vótáil' a raibh preasráitis agus fógraíocht ar an idirlíon ina gcuid de chomh maith le húsáid fheidhmchláir ar *Facebook* le héascú le daoine clár na dtoghthóirí a sheiceáil agus foirmeacha clárúcháin a íoslódáil.
4. Feachtas fógraíochta náisiúnta a rith ar an teilifís, raidió, ar an bpreas, lasmuigh agus ar an idirlíon. Dearadh roinnt fógrán sa chaoi go dtabharfaí roinnt faisnéise faoi thogra an reifrinn, fógráin eile chun cur le feasacht daoine ar an reifreann, chun béim a leagan ar thábhacht na vótála agus le vótálaithe a threorú chuig áiteanna mar a raibh tuilleadh faisnéise ar fáil.
5. Áiríodh an méid seo a leanas i gcumarsáid fhorlíontach rialta:
   - preasócáid a reáchtáil chun an feachtas a fhógairt agus le mionsonraí faoin Leabhrán Treorach a thabhairt;
   - urlabhraithe a sholáthar chun dul faoi agallaimh ar an raidió náisiúnta agus réigiúnach faoi ról an Choimisiúin agus faoi ábhar na dtograí. Thug Cathaoirleach an Choimisiúin dhá agallamh ar chlár *Morning Ireland* de chuid RTÉ agus chuir thart ar 15 stáisiún náisiúnta agus áitiúla agallamh ar urlabhraí de chuid an Choimisiúin faoi ábhar an Chonartha maidir le Cobhsaíocht Fhioscach.
   - preasráitis a eisiúint chuig na meáin chumarsáide go rialta maidir le saincheisteanna sonracha a tháinig chun cinn i rith an fheachtais, agus le vótálaithe a spreagadh le hiad féin a chur ar an eolas agus le vótáil;
   - colún laethúil san *Irish Daily Star* i gcaitheamh thréimhse coicíse lenar freagraíodh ceisteanna léitheoirí faoin togra reifrinn;
   - úsáid á baint as meán sóisialta *Twitter* le mionsonraí faoi ghníomhaíocht an Choimisiúin a thabhairt.





## An leabhrán treorach do gach teaghlach

Ó bunaíodh an chéad Choimisiún Reifrinn i 1998, bhí an obair le leabhrán treorach faoin togra reifrinn a sheachadadh chuig teaghlaigh ar bhonn náisiúnta ina heilimint lárnach dá fheachtas faisnéise. Mar aitheantas ar an bhfíric go bhfuil athruithe nach beag tagtha ar na bealaí a scaiptear faisnéis ó 1998, rinne an Coimisiún seo athbhreithniú ar éifeachtacht dháileadh na leabhrán ag tús fheachtas an reifrinn áirithe seo.

In ainneoin go bhfuil cuid mhór de shaoránaigh na tíre tar éis aistriú chuig foinsí faisnéise ar an idirlíon, léirigh an taighde is déanaí de chuid an Choimisiúin Reifrinn, a bhí ar fáil ag tús an fheachtais, go raibh an leabhrán treorach i gcruth na “cruachóipe” úsáideach fós. Maidir leis an bhfeachtas faisnéise poiblí a ritheadh i mí Dheireadh Fómhair seo caite i ndáil leis na reifrinn maidir le tuarastal breithiúna agus fiosrúcháin Oireachtais, dúirt thart faoi dhá dtrian díobh siúd a fuair é gur léigh siad iomlán nó cuid den leabhrán treorach, agus ba léir go raibh sé ina “chuidiú nach beag” nó ina “chuidiú mór” ag tromlach na ndaoine a fuair é.

Chinn an Coimisiún, mar sin, chun a shainordú a chomhlíonadh, gur cheart go bhfanfadh an chumarsáid dhíreach le teaghlach gach vótálaí ina chuid lárnach den fheachtas, dearcadh ar thacaigh a chuid taighde leis agus a rinneadh ar an bhfeachtas le déanaí. Tá mionsonraí faoin taighde sin le fáil níos déanaí sa tuarascáil seo.

Tháirg an Coimisiún leabhrán treorach ar mhéid A5, a foilsíodh, de réir Acht na dTeangacha Oifigiúla, le 12 leathanach i mBéarla agus 12 leathanach i nGaeilge faoin gclúdach céanna. Foilsíodh i mBraille agus ar CD é do dhaoine a raibh míchumas amhairc acu agus dáileadh na leaganacha seo tríd an National Council for the Blind. Lena chois sin, tháirg an Coimisiún físeán speisialta den lámhleabhar i dteanga chomharthaíochta na hÉireann le dáileadh trí Chumann Bodhar na hÉireann agus DeafHear. Bhí an físeán seo ar fáil ar shuíomh idirlín an Choimisiúin freisin.

Faoi mar a tharla i bhfeachtais eile le déanaí, chinn an Coimisiún, ar fhorais a bhain le costais, an leabhrán treorach a sheachadadh chuig gach áitreabh trí Sheirbhís Poist Poiblíochta An Post, seachas trí úsáid a bhaint as an modh, a bheadh i bhfad níos costasaí, lena ndéanfaí cóip den leabhrán treorach a sheoladh chuig vótálaithe indibhidiúla faoina n-ainm agus a seoladh féin. Bheadh a thrí oiread de chostais i gceist leis sin ar a laghad.

Díreach tar éis don Choimisiún a bheith bunaithe, cuireadh tús leis an téacs don leabhrán a ullmhú ach rinneadh an cinneadh nárbh fhéidir an leabhrán treorach a thabhairt chun críche agus tosú ar a phriontáil go dtí gur rith dá Theach an Oireachtais an Bille um an Tríochadú Leasú ar an mBunreacht.

Rinneadh an cinneadh sin toisc go gcaithfí athrú a dhéanamh ar théacs an leabhráin threoraigh go déanach sa phróiseas táirgeachta dá ndéanfaí aon athrú ar an reachtaíocht go déanach sa phróiseas lena rith, ba chuma a neamhchosúla a bhí sé go dtarlódh a leithéid. Cheadaigh Tithe an Oireachtais an reachtaíocht faoi dheireadh an 24ú Aibreán 2012, rud a d’fhág nach raibh ach 37 lá ann go dtiocfadh lá na vótaíochta. Go hidéalach, ba cheart go mbeadh an leabhrán treorach istigh in áitreabh daoine coicís ar a laghad roimh lá na vótaíochta sa chaoi go mbeadh na vótálaithe in ann é a léamh. D’fhág sé sin go raibh scála ama iontach beag ar fad ann leis an Leabhrán Treorach a dhréachtú, a aistriú, a dhearadh, a phriontáil agus a dháileadh ar gach teaghlach sa Stát.

Seachadadh an leabhrán treorach, tar éis dó a bheith scríofa, aistrithe agus deartha, chuig na clódóirí an 27ú Aibreán, an dáta ba dhéanaí a d’fhágfadh go mbeifí in ann tús a chur leis an dáileachán an 10ú Bealtaine agus críoch a chur leis an 18ú Bealtaine. Thuairiscigh An Post gur dáileadh 97% de na leabhráin threoracha faoin spriocdháta seo agus gur seachadadh an fuílleach an tseachtain ina dhiaidh.

Sula raibh leabhrán treorach an Choimisiúin ar fáil, bhí an Rialtas tar éis tosú ar a leabhrán treorach féin a dháileadh. Bhain stíl, a bhí cosúil lena raibh i gceist le leabhráin threoracha roimhe seo ón gCoimisiún Reifrinn, leis an leabhrán treorach úd. Chinn an Coimisiún Reifrinn mar sin go leagfaí béim ar neamhspleáchas a leabhráin threoraigh féin. Dá ainneoin sin, bhí fianaise ann go raibh mearbhall ar an bpobal agus i measc chomhaltaí an Oireachtais féin, ar chreid cuid díobh gurbh é an Coimisiún Reifrinn a tháirg leabhrán treorach an Rialtais. Níorbh aon chúnamh don scéal nach raibh aon ráiteas soiléir ann faoi stádas tháirgeoirí leabhrán treorach an Rialtais ná nach raibh aon mhionsonraí teagmhála ar an gcáipéis ach oiread.

Roinn an Taoisigh a tháirg leabhrán treorach an Rialtais. Deirtear i bPlean Gníomhaíochta na Roinne sin um Chustaiméirí 2011 – 2013, mar chuid dá cuid iarrachtaí le freastal ar a custaiméirí go tráthúil cúirtéiseach, go gcinnteoidh an Roinn go soláthrófar iomlán na sonraí teagmhála ar gach ábhar scríofa dá dtagann ón Roinn. Maidir leis an leabhrán úd a tháirg an Roinn, loiceadh seasamh leis an gealltanas sin.



## Suíomh Idirlín

Bhunaigh an Coimisiún suíomh idirlín aonfheidhme don reifreann ar ar tugadh www.referendum2012.ie. Bhí an suíomh idirlín ar fáil i mBéarla agus i nGaeilge agus chomhlíon sé caighdeáin na gcleachtas go léir is fearr maidir le cúrsaí inrochtaineachta.

Ba é téacs an leabhráin threoraigh phriontáilte príomhábhar an tsuímh idirlín, lenar míníodh togra an reifrinn, agus bhí sé sin le fáil le híoslódáil. Foilsíodh tuilleadh faisnéise cúlra ar an suíomh idirlín freisin. Tugadh faisnéis ghinearálta faoin Aontas Eorpach ar an suíomh freisin agus bhí téacs iomlán an Chonartha ar fáil le híoslódáil chomh maith.

Ar cheann de na tréithe breise, bhí nasc leis an suíomh idirlín *‘check the register’*, a bhí á fheidhmiú ag údaráis áitiúla na hÉireann, sa chaoi go bhféadfadh vótálaí seiceáil a dhéanamh le féachaint an raibh sé nó sí cláraithe le vótáil.

D’fhoilsigh an Coimisiún faisnéis go rialta faoina fheachtas, agus faoi shaincheisteanna a tháinig chun cinn i rith an fheachtais, ar a shuíomh idirlín. Chuir an Coimisiún a infhaighte is a bhí sé le déileáil le fiosrúcháin chun suntais, agus chinntigh go raibh a chuid mionsonraí teagmhála go breá feiceálach. D’fhoilsigh sé téacs colúin laethúil ‘ceist agus freagraí’ freisin a bhí á scríobh ag Cathaoirleach an Choimisiúin agus á fhoilsiú ag an *Irish Daily Star*.

Tugadh breis is 41,349 cuairt uathúil ar an suíomh agus féachadh ar na leathanaigh 100,451 uair i rith an fheachtais.

## Meáin eile trína raibh faisnéis le fáil

Bhí rúnaíocht an Choimisiúin ar fáil ar an teileafón nó ar an ríomhphost le haon cheisteanna a tharraing daoine den phobal anuas a fhreagairt. Le cois uimhir theileafóin agus seoladh ríomhphoist aonfheidhme an Choimisiúin Reifrinn, bhunaigh an Coimisiún uimhir íosghlao. D’fhéadfadh vótálaithe glaoch a chur ar cheachtar den dá uimhir, nó ríomhphost a sheoladh chuig an rúnaíocht, dá mbeidís ag iarraidh go seolfaí cóip den leabhrán treorach chucu. D’fhógair an Coimisiún na huimhreacha agus an seoladh ríomhphoist seo sa leabhrán treorach a seoladh chuig gach teaghlach.

## An feachtas fógraíochta

Is éifeachtaí an fhógraíocht nuair a bhíonn teachtaireachtaí láidre simplí á gcur in iúl. Ní bhíonn fógraíocht oiriúnach i gcás go bhfuiltear ag féachaint le togra reifrinn ar an mbunreacht a mhíniú, rud lena mbaineann an t-uafás mionsonraí. Is féidir úsáid a bhaint as fógraíocht áfach chun teachtaireachtaí lárnacha a chur in iúl mar cheannlínte faoin méid atá i gceist le togra dá leithéid, chun feasacht daoine a mhéadú faoi vótaíocht atá le déanamh go luath agus le daoine a spreagadh le vótáil.

Chomhlíon an fhógraíocht a rinneadh ar mheáin dhifriúla feidhmeanna difriúla san fheachtas seo. D’oibrigh fógraíocht a rinneadh ar an raidió, i gcló, ar an idirlíon agus lasmuigh chun beagán mionsonraí buntábhachtacha a thabhairt faoina raibh i gceist leis an togra reifrinn, chun insint do dhaoine cá háit a raibh tuilleadh faisnéise ar fáil agus le daoine a spreagadh le vótáil. Níor féachadh leis an togra reifrinn a mhíniú leis an bhfeachtas fógraíochta teilifíse ach díríodh ar an teachtaireacht a chur in iúl go bhfuil sé tábhachtach do vóta a chaitheamh agus go bhfuil tábhacht le gach vóta.

Rud lenar bhain tábhacht lárnach ab ea a chinntiú go raibh an feachtas fógraíochta “comhtháite”, trasna na meán difriúil agus leis an leabhrán treorach freisin – lena chur in iúl ar bhealach eile, ba thábhachtach a chinntiú, trí íomhánna, dathanna agus teachtaireachtaí a bhí cosúil le chéile a úsáid, gur bhain féiniúlacht shuaithinseach so-aitheanta le teachtaireacht an Choimisiúin. Is amhlaidh go láidrítear tionchar feachtais cosúil leis seo trí choincheap sin an chomhtháthaithe.

### Fógraíocht Teilifíse

Bhí an fógrán teilifíse, a mhair 40 soicind, bunaithe ar “scéal” inar thug an ceann comhairimh ag an ionad comhairimh toradh an reifrinn ar phíosa páipéir do theachtaire ar ghluaisrothar, a sheachaid an toradh chuig teach gnáthvótálaí ansin, seachas díreach toradh an reifrinn a léamh os ard, mar a dhéanann cinn chomhairimh de ghnáth. Ba é an teachtaireacht a bhí á cur in iúl ná go raibh an vótálaí aonair i lár phróiseas an chinnidh seo agus go raibh sé tábhachtach do vóta a chaitheamh. Leis an bhfógrán, treoraíodh vótálaithe chuig an leabhrán treorach freisin, a bhí á sheachadadh chuig gach teaghlach agus chuig an suíomh idirlín le haghaidh tuilleadh faisnéise. Craoladh an fhógraíocht teilifíse ar RTÉ, TV3e, TG4, Sky Group, E4 agus Setanta.

### Fógraíocht ar an Raidió

Tháirg an Coimisiún ceithre fhógrán a mhair 40 soicind i mBéarla agus ceann amháin i nGaeilge. I gcuid de na fógráin sin, bhí láithreoirí ag tabhairt achoimre ar thograí buntábhachtacha an reifrinn, nó bhí siad ag spreagadh daoine le tuilleadh faisnéise a lorg agus le vótáil. Baineadh úsáid as an ngreann i bhfógráin eile leis an teachtaireacht “vótáil” a sheachadadh. Úsáideadh leaganacha difriúla ar stáisiúin raidió dhifriúla de réir mar a measadh a bheith oiriúnach do chomhdhéanamh a n-éisteoirí. Le linn na laethanta deiridh an fheachtais, athraíodh teachtaireacht an fhógráin sa chaoi nach raibh i gceist ach díreach daoine a spreagadh le vótáil.

### Fógraíocht Saorchraolta

Faoi mar a rinneadh i reifrinn eile le déanaí, leithdháil craoltóirí gach am "saorchraolta" dá raibh ar fáil ar an raidió agus ar an teilifís i ndáil leis na Reifrinn ar an gCoimisiún.

Chun críocha na reifreann seo, roghnaigh an Coimisiún craoladh a thaifeadadh a mhair 90 soicind. Is éard a bhí i gceist leis sin láithreoir a bheith "á léamh go díreach" agus ag tabhairt míniú achomair ar an togra agus den chéad uair riamh, rinne láithreoir comharthaíocht chomhuaineach i dTeanga Comharthaíochta na hÉireann ar an teilifís.

B'iontach an comhoibriú a fuair an Coimisiún ó gach craoltóir i ndáil le ham saor in aisce ar an aer a sholáthar ag na buaic-amanna féachana agus éisteachta do na craoltaí seo agus is mian leis an gCoimisiún a bhuíochas leo a ghabháil.



### Fógraíocht sa Phreas

San fhógraíocht sa phreas náisiúnta, úsáideadh íomhánna a bhí cosúil lena raibh sa leabhrán treorach – íomhánna de dhaoine a raibh sé i gceist go mbeidís ina n-ionadaithe ar ghnáthvótálaithe, faoi mar a úsáideadh san fhógraíocht idirlín agus lasmuigh. Le príomh-theachtaireacht na bhfógrán preasa, díríodh ar dhaoine a spreagadh le vótáil, agus bhí téacs ann freisin lenar tugadh leagan, cosúil le ceannlíne, den mhéid a bhí i gceist leis an togra reifrinn.

### Fógraíocht lasmuigh

Úsáideadh íomhánna cosúil leo siúd san fhógraíocht lasmuigh freisin. Tógadh spás ar bhusanna uirbeacha ar fud an Stáit agus ar scáthláin bhus le haghaidh fógrán ina raibh na príomh-theachtaireachtaí céanna agus iad siúd a cuireadh sa phreas.

### Fógraíocht ar an Idirlíon

Go bunúsach, bhain an cuspóir céanna leis an bhfógraíocht ar an idirlíon is a bhain leis an bhfógraíocht sa phreas clóite, ba é sin, tuairim a thabhairt, i bhfoirm ceannlíne, faoina raibh i gceist leis an togra reifrinn, daoine a spreagadh le tuilleadh faisnéise a fháil agus insint dóibh cá háit a bhféadfaí í a fháil, agus an vótáil a spreagadh.



## Idirghíomhaíocht leis an bPreas

Sheol an Coimisiún Reifrinn a fheachtas Déardaoin an 3ú Bealtaine 2012 le preasócáid lenar tugadh achoimre ar an togra reifrinn. Dháil an Coimisiún a leabhrán treorach ar lucht an phreasa agus d'fhreagair ceisteanna ó iriseoirí maidir le saincheisteanna éagsúla. Scaipeadh preasráiteas ina raibh an fhaisnéis sin ar gach deasc nuachta náisiúnta agus comhlacht réigiúnach meán cumarsáide.

D'fhreagair Cathaoirleach an Choimisiúin, an tUas. Kevin Feeney, ceisteanna ó iriseoirí agus rinne roinnt agallamh a bhí le craoladh go náisiúnta láithreach tar éis sheoladh an fheachtais.

I rith an fheachtais, bhí an Cathaoirleach i láthair ar Morning Ireland de chuid RTÉ dhá huair chun ceisteanna faoin togra reifrinn a fhreagairt. Rinne urlabhraí de chuid an Choimisiúin agallaimh le stáisiúin raidió náisiúnta freisin, Today FM agus Newstalk, agus le breis is dosaen stáisiún raidió réigiúnacha.

I rith an fheachtais, tháinig díospóireacht phoiblí nach beag chun cinn maidir leis an gceist cibé acu an bhféadfaí nó ar cheart an reifreann a chur siar i bhfianaise a raibh ag titim amach ó thaobh na polaitíochta i mballstáit eile an AE. Rinne an Coimisiún an tsaincheist seo a shoiléiriú agus d'eisigh ráiteas an 15ú Bealtaine á mhíniú gurb é an seasamh a bhí ann ó thaobh an dlí de ná nach bhféadfaí an reifreann a chur siar faoin dlí a bhí ann an tráth sin. Bhí plé nach beag ann freisin i rith an fheachtais maidir le cibé acu an bhféadfadh Éire úsáid a bhaint as a ceart crosta i gcoinne bhunú na Meicníochta Eorpaí um Chobhsaíocht. Dhéileáil an Coimisiún leis an tsaincheist sin ag an bpreasócáid an 3ú Bealtaine agus d'fhoilsigh ábhar faoin tsaincheist ar a shuíomh idirlín an 18ú Bealtaine.

Chomhaontaigh an Irish Daily Star sraith de cholúin 'ceist agus freagra' a thógáil ó chathaoirleach an Choimisúin, an tUas. Kevin Feeney, faoin togra reifrinn. Bhí an chéad cheann díobh sin le feiceáil Dé Céadaoin an 16ú Bealtaine agus ritheadh iad go dtí Aoine na seachtaine ina dhiaidh, an 25ú Bealtaine.

Dé Céadaoin an 30ú Bealtaine, an lá roimh lá na vótaíochta, d'eisigh an Coimisiún ráiteas ag tathant ar dhaoine vótáil agus rinne an Cathaoirleach roinnt agallamh raidió chun an pointe sin a atreisiú.

## Na Meáin Shóisialta

Chinn an Coimisiún úsáid a bhaint as Facebook agus Twitter le haghaidh gnéithe áirithe dá fheachtas, rud nach raibh déanta aige roimhe. Ar Facebook, bhí leathanach ag an gCoimisiún a bhí tiomanta d'fheachtas chun daoine a spreagadh le clárú le vótáil, in éineacht le feidhmchlár lena ndearnadh obair éasca den phróiseas d'úsáideoirí le clár na dtoghthóirí a sheiceail le féachaint an raibh siad air nó nach raibh, agus leis na foirmeacha a bhí ag teastáil chun duine a chur leis an gclár, dá mba ghá, a íoslódáil. Chuir an Coimisún cuntas Twitter ar bun freisin (@RefComm2012) a d'úsáid sé chun a chuid ráiteas a phoibliú agus le haird a tharraingt ar a shuíomh idirlín.

## Torthaí taighde ar fheachtas an Choimisiúin


Thug an Coimisiún Reifrinn faoi thaighde díreach tar éis lá na vótaíochta chun éifeachtacht a fheachtais a dhéanamh amach. Díríodh an taighde ar leibhéil na tuisceana ar thograí an reifrinn ach go háirithe, agus ar na cúiseanna gan vótáil, a thug daoine nár vótail, agus ar éifeachtacht ghnéithe difriúla d'fheachtas faisnéise poiblí an Choimisiúin.

Uirlis thábhachtach is ea torthaí an taighde le héifeachtacht an fheachtais a thomhas agus gníomhóidh siad mar threoir do Choimisiúin eile a bheidh ann amach anseo. Tharla obair allamuigh an taighde idir an 5ú agus an 15ú Meitheamh 2012 i bhfoirm suirbhé, a bhí ionadaíoch ar chomhdhéanamh an náisiúin agus ina raibh 1,000 duine fásta os cionn 18 mbliana.

### Tuiscint


Tá tábla thíos lena gcuirtear chun suntais leibhéil na tuisceana ar an togra reifrinn. Cuireadh ceist ar fhreagróirí cé chomh maith a thuig siad a raibh i gceist leis an Reifreann ar an gConradh maidir le Cobhsaíocht Fhioscach, dar leo féin. Léirítear go ndúirt 61% gur thuig siad an togra reifrinn sách maith, an-mhaith nó roinnt de. Cuirtear é sin i gcomparáid le 71% i gcás an reifrinn ar thuarastal breithiúna agus 56% i gcás an reifrinn ar fhiosrúcháin Oireachtais. D'fhéadfadh na torthaí seo an réalaíocht a léiriú – is é sin, gur saincheist cuid mhaith níos casta a bhí i gceist leis an gConradh maidir le Cobhsaíocht Fhioscach ná mar a bhí i gceist leis an reifreann ar thuarastal breithiúna, ach nach raibh sé chomh casta is a bhí an tsaincheist ó thaobh fhiosrúcháin an Oireachtais.

**Leibhéil na Tuisceana ar na Reifrinn: 2011 & 2012**
*Bonn: Gach vótálaí incháilithe - 998*




Tá cuma mhaith ar na figiúir i gcomparáid le leibhéil na tuisceana a bhí ann i gcás an dá reifreann ar Chonradh Liospóin. Mar shampla, thuig 44% cuid den togra reifrinn maidir le Conradh Liospóin, nó níos fearr ná sin, sa chéad phobalbhreith a rinneadh i mí Mheitheamh 2008, agus tháinig ardú aníos chuig 72 faoin gcéad sa taighde a rinneadh díreach i ndiaidh an dara reifrinn i mí Dheiridh Fómhair 2009. Tá an figiúr a bhaineann leis an gConradh maidir le Cobhsaíocht Fhioscach, 61%, beagnach díreach mar an gcéanna leis an leibhéal tuisceana a bhí ann i gcás an dara reifrinn ar Chonradh Liospóin, go gairid roimh lá na vótaíochta, faoi mar atá le feiceáil sa chéad tábla eile.

**Leibhéil na Tuisceana ar na Reifrinn: Reifrinn Eorpacha**
*Bonn: Gach vótálaí incháilithe*



## Leabhrán Treorach

Dúirt 73% d’fhreagróirí go bhfuair siad leabhrán treorach faisnéise an Choimisiúin Reifrinn. Méadú is ea é sin ón 61% a dúirt go bhfuair siad leabhrán treorach an Choimisiúin maidir leis an dá reifreann roimhe seo a reáchtáladh an 27ú Deireadh Fómhair 2011.

Dháil an Rialtas ábhar maidir leis an gConradh chuig gach teaghlach freisin – leabhrán faisnéise ina raibh 40 leathanach ar an gcruth agus ar na dathanna céanna i gcoitinne le leabhrán an Choimisiúin Reifrinn, chomh maith le bileog níos giorra a dáileadh go gairid roimh lá na vótaíochta. Thug an Coimisiún Reifrinn faoi deara go raibh mearbhall nach beag ar vótálaithe le linn an fheachtais maidir le cibé dream a bhí freagrach as gach foilseachán (níor luadh ar ábhar an Rialtais cé a d’fhoilsigh é agus níor tugadh aon mhionsonraí teagmhála ann), agus fuair an Coimisiún roinnt mhaith glaonna ó dhaoine a bhí ag iarraidh a dtuairimí faoi ábhar an Rialtais a thabhairt dúinn, agus iad ag creidiúint, in earráid, gurbh é sin leabhrán treorach an Choimisiúin. Chuir sinn roinnt ceisteanna mar sin mar chuid dár gcuid taighde le leibhéal an mhearbhaill sin a dhéanamh amach.

Cé go bhfuair 73% leabhrán treorach an Choimisiúin, fuair 62% lámhleabhar an Rialtais agus thuairiscigh 50% go bhfuair siad bileog an rialtais. Rinneadh na figiúir seo amach trí chóipeanna iarbhír de gach foilseachán a thaispeáint d’fhreagróirí.


Bhí mearbhall ar an-chuid daoine faoi cén dream a d’fhoilsigh cén foilseachán. Nuair taispeánadh leabhrán treorach an Choimisiúin Reifrinn, cheap 41% gurbh é an Coimisiúin a tháirg é ach cheap 34% gur foilseachán de chuid an Rialtais a bhí ann agus shonraigh 25% gur ó fhoinse éigin eile a tháinig sé. Maidir le lámhleabhar an Rialtais, d’éirigh le 48% é a aithint i gceart mar fhoilseachán rialtais ach cheap 23% gurbh ón gCoimisiún a tháinig sé agus cheap 29% gurbh ó fhoinse éigin eile a tháinig sé.

Ar deireadh, maidir leis an gceist ó thaobh dhá fheachtas a bheith á reáchtáil i gcomhuain le chéile, níor chuidiú a bhí ann dar le 58% dhá leabhrán threoracha a bheith á ndáileadh ag an am céanna.

Léigh 71% gach cuid, formhór, nó codanna de leabhrán treorach an Choimisiúin Reifrinn. Tá an figiúr foriomlán sin ag teacht le torthaí ó thaighde a rinneadh tar éis an Reifrinn ar Chonradh Liospóin in 2009.

Dúirt thart faoi 54% díobh siúd a léigh cuid de nó iomlán de leabhrán treorach an Choimisiúin go raibh sé ina chuidiú nó ina chuidiú mór, figiúr a bhí mórán mar an gcéanna leis na figiúir maidir le lámhleabhar an Rialtais (50%) agus le bileog an Rialtais (58 faoin gcéad). Ó thaobh a iontaofa is a bhí an eagraíocht a tháirg an ábhair, dúirt 48% go raibh leabhrán treorach an Choimisiúin an-iontaofa nó réasúnta iontaofa.

Is é dearcadh an Choimisiúin gurbh údar le cuid mhór mhearbhaill é cinneadh an rialtais leabhrán treorach faisnéise a eisiúint tráth cosúil le dáta seolta leabhrán an Choimisiúin. Cuireadh leis an mearbhall sin de bharr a chosúla is a bhí dearadh agus méid ábhar an rialtais le leabhráin threoracha de chuid an Choimisiúin Reifrinn roimhe seo chomh maith le brandáil shoiléir a bheith in easnamh. Mar a dúradh thuas, níor chuidiú é dhá leabhrán treoracha faisnéise a bheith á ndáileadh ag an am céanna dar le 58%. Tháinig ardú go 64% ina measc siúd nár vótáil agus go 66% ina measc siúd nár thuig an reifreann.




## Líon na nDaoine a Tháinig Amach le Vótáil

Mar gheall go bhfuil obair le daoine a spreagadh le vótáil ina cuid de shainchúram reachtúil an Choimisiúin, féachadh leis an taighde le fáil amach cén fáth nár vótáil daoine a roghnaigh gan vótáil. Tugtar le fios leis na torthaí, atá le feiceáil sa tábla thíos, gur neamhdhóichí go vótálfaidh daoine nach dtuigeann ábhar an togra reifrinn. Luaigh thart faoi 31% easpa tuisceana nó easpa eolais mar chúiseanna nár vótáil siad.

**Cad iad na cúiseanna sonracha nár vótáil tú sa Reifreann?**
*Bonn: Gach duine nár vótáil sa Reifreann*

| | Reifreann maidir le Pá na mBreithiúna | Reifreann maidir le Fiosraithe an Oireachtais | Conradh maidir le Cobhsaíocht Fhioscach |
|---|---|---|---|
| Bonn | 264 | 275 | 314 |
| | % | % | % |
| Ní raibh mé in ann de bharr cúinsí a bhí i réim ag an am/Bhí mé gnóthach/Ní bhfuair mé seans vótáil/Ní raibh mé in ann dul chuig an stáisiún vótaíochta ar an lá/Bhí mé thar sáile | 31 | 30 | 29 |
| Ní raibh aon suim agam ann/Níor thábhachtach liom é/Ba chuma liom faoi | 28 | 21 | 17 |
| Nílim cláraithe | 10 | 9 | 7 |
| Níor thuig mé an reifreann | 7 | 9 | 19 |
| Ní bhfuair me cárta vótála/vótaíochta | 6 | 9 | 4 |
| Ní raibh a fhios agam cén taobh le vótáil ar a shon | 5 | 5 | 9 |
| Ní raibh mo vóta aistrithe ón stáisiún vótaíochta sa bhaile | 3 | 3 | 4 |
| Rinne mé dearmad faoi | 3 | 1 | – |
| Bhí a fhios agam gur Tá an toradh a bheadh air | 2 | 0 | 2 |
| Bhí an feachtas ina phraiseach/ina údar mór le mé a dhíspreagadh le vótáil | 1 | – | – |
| Éagothroime an chórais | 0 | – | – |
| An iomarca deifre leis an rud ar fad agus ba cheart tuilleadh ama a bheith tugtha dó acu | 0 | – | – |
| Tuairim ar bith | 0 | – | – |
| Níl muinín agam as duine ar bith díobh, polaiteoirí | – | 1 | – |
| Ní vótálaim | – | 1 | – |
| Ní raibh mo dhóthain ar eolas agam | – | – | 12 |
| Eile | 3 | 3 | – |
| Níl a fhios agam | 1 | 3 | – |

## An tAthbhreithniú Breithiúnach

An 29ú Bealtaine, dhá lá roimh lá na vótaíochta, rinne an Teachta Dála le haghaidh Dhún na nGall Thiar Theas, an tUas. Piaras Ó Dochartaigh, atá ina urlabhraí Airgeadais ar son Shinn Féin, iarratas ar athbhreithniú breithiúnach ar ráitis a rinne an Coimisiún faoin gceist an bhféadfadh Éire bunú na Meicníochta Eorpaí um Chobhsaíocht a dhaingniú. Éisteadh an cás in imeacht dhá shuí den chúirt. Tharla an chéad suí um iarnóin an 29ú Bealtaine, gan aon fhógra a bheith tugtha don Choimisiún agus gan ach taobh an tUasal Ó Dochartaigh i lathair (i.e. ex parte). Tharla an dara héisteacht níos déanaí an oíche sin agus bhí ionadaí ar son an Choimisiúin i láthair. An mhaidin dar gcionn, an 30ú Bealtaine, thug an tUas. Hogan, Breitheamh, a bhreithiúnas lenar diúltaíodh d'iarratas an Uas. Uí Dhochartaigh. Sa bhreithiúnas scríofa uaidh an 6ú Meitheamh 2012, d'aithin an tUas. Hogan, Breitheamh, go raibh anailís an Choimisiúin ar na saincheisteanna idir "mheáite agus mheabhrach", gur léir go ndearnadh machnamh orthu, agus gur tugadh "anailís dhlisteanach ar shaincheisteanna casta dlí". Tharraing an Coimisiún costais dlí €83,424 de thoradh an chaingne ó Theachta Dála Uí Dhochartaigh.







Foráiltear le hAcht an Reifrinn 1998 go bhféadfaidh comhlacht iarratas a dhéanamh leis an gCoimisiún Reifrinn le haghaidh dearbhú gur comhlacht ceadaithe atá ann chun críocha reifrinn. Bíonn comhlachtaí ceadaithe i dteideal gníomhairí a cheapadh le bheith i láthair agus páipéir bhallóide post-vótálaithe á n-eisiúint agus á n-oscailt ag stáisiúin vótaíochta agus tráth comhairimh na vótaí. Bheadh an ceart sin fós ag comhaltaí dhá Theach an Oireachtais, a bhfuil sé de cheart acu gníomhairí dá leithéid a cheapadh faoi láthair.

Sa chaoi go dtiocfadh comhlacht chun bheith ina chomhlacht ceadaithe, caithfidh iarratasóir coinníollacha áirithe a chomhlíonadh:

- caithfidh an comhlacht a bheith ina chomhlacht corpraithe nó neamhchorpraithe a bhfuil, nó a bhfuil brainse de, bunaithe sa Stát agus faoi rialú bunreachta, meabhráin chomhlachais nó doiciméid nó rialacha scríofa eile dá leithéid agus a bhfuil ballraíocht nach lú ná 300 aige;
- caithfidh leas a bheith ag an gcomhlacht sa reifreann agus ainm a bheith aige nach ionann é, nó nach bhfuil an-chosúil le, ainm páirtí polaitíochta atá cláraithe i gClár na bPáirtithe Polaitíochta. Meastar gur comhlacht chun críocha an Achta é páirtí polaitíochta atá cláraithe i gClár na bPáirtithe Polaitíochta faoi láthair agus ní gá don chomhlacht sin a chruthú go bhfuil na coinníollacha thuas comhlíonta aige;
- caithfear iarratais a dhéanamh ar an bhfoirm oifigiúil, a bhíonn ar fáil ón gCoimisiún agus a chaithfear a chur faoina bhráid faoi cheann cibé tréimhse a shonróidh an Coimisiún.

Féadfaidh an Coimisiún Reifrinn diúltú dearbhú a dhéanamh mura gcomhlíonann comhlacht na coinníollacha ábhartha, nó má loiceann an comhlacht faisnéis nó doiciméid réasúnacha a sholáthar dó, ar faisnéis nó doiciméid atá ag teastáil dar leis an gCoimisiún chun cinneadh a dhéanamh i leith an iarratais.

Féadfaidh an Coimisiún dearbhú arna dhéanamh aige i ndáil le comhlacht a aisghairm freisin i gcás gur deimhin leis gur sholáthraíodh faisnéis bhréagach dó. Foráiltear leis an Acht freisin, faoi alt 9, go mbeidh sé ina chion faisnéis bhréagach a sholáthar i ndáil le hiarratas go feasach.

Cuireadh fógráin sa phreas náisiúnta lenar tugadh cuireadh do chomhlachtaí iarratais a chur isteach i gcás go raibh siad ag lorg a gceadaithe chun críocha an reifrinn. Ba é an 30ú Aibreán 2012 an dáta deiridh. Tar éis phróiseas na n-iarratas, cheadaigh an Coimisiún 13 chomhlacht. Liostaítear na comhlachtaí seo sa tábla seo a leanas.

**Liosta na gComhlachtaí arna gCeadú ag an gCoimisiún Reifrinn faoi Alt 7 d'Acht an Reifrinn 1998, i leith an Reifrinn ar an mBille um an Tríochadú Leasú ar an mBunreacht (Conradh ar Chobhsaíocht, ar Chomhordú agus ar Rialachas san Aontas Eacnamaíoch agus Airgeadaíochta) 2012.**

| Comhlacht Ceadaithe | Seoladh |
|---|---|
| Fianna Fáil | 65–66 Sráid an Mhóta Íochtarach, Baile Átha Cliath 2. |
| Peoples Movement | 25 Corrán na Seanabhann, Baile Átha Cliath 9 |
| Páirtí Sóisialach na nOibrithe | 1 Céide Chnoc Mór na nGaibhlte, Droimeanach, Baile Átha Cliath 12 |
| South Kerry Independent Alliance | Claisín, Cill Airne, Co. Chiarraí |
| Fine Gael | 51 Sráid an Mhóta Uachtarach, Baile Átha Cliath 2 |
| Páirtí an Lucht Oibre | 17 Plás Ely, Baile Átha Cliath 2 |
| Sinn Féin | 44 Cearnóg Parnell, Baile Átha Cliath 1 |
| Páirtí na nOibrithe | 48 Sráid Sheoirse Mhór Thuaidh, Baile Átha Cliath 1 |
| An Páirtí Sóisialach | 141 Sráid Thomáis, Baile Átha Cliath 7 |
| Fís Nua | Cill Ulta Uachtarach, An Fál Carrach, Co. Dhún na nGall |
| An Comhaontas Glas | 16–17 Sráid Suffolk, Baile Átha Cliath 2 |
| Cónaidhm Ghnólachtaí agus Fhostóirí na hÉireann | 92 Bóthar Crannagh, Ráth Fearnáin, Baile Átha Cliath 14 |
| An Comhaontas Pobal seachas Brabús | 26 Ascaill Pháirc an Leamháin, Ranelagh, Baile Átha Cliath 6 |

# Caibidil 6. Moltaí

Rinne coimisiúin reifrinn roimhe seo gearáin faoin easpa ama a tugadh dóibh le feachtais faisnéise a reáchtáil.

Measann an Coimisiún Reifrinn, dá mba mhó an tréimhse ama a tugadh dó in 2012 lena fheidhmeanna a chomhlíonadh, go bhféadfadh sé jab níos críochnúla a dhéanamh agus luach níos fearr ar airgead a sholáthar.

Tháirg an Coimisiún a chuid ábhar in imeacht tréimhse ama a bhí dochreidte gairid; léiríonn an fhianaise ón taighde go ndearna sé jab fíorchríochnúil ar fad i gcaitheamh na tréimhse gairide ama a bhí aige. Tacaíonn an méid a dúirt an tUas. Hogan, Breitheamh, leis an gconclúid seo, agus é á rá go raibh anailís an Choimisiúin ar na saincheisteanna idir "mheáite agus mheabhrach", gur léir go ndearnadh machnamh orthu, agus gur tugadh "anailís dhlisteanach ar shaincheisteanna casta dlí".

Cuireadh tús le leabhrán treorach an Rialtais a dháileadh achar maith sula raibh leabhrán treorach an Choimisiúin réidh. Bhí mearbhall ar vótálaithe de bharr dhá leabhrán threoracha, lenar bhain méid agus cuma chomhchosúil, a bheith á ndáileadh. Ba mhó an mearbhall céanna de bharr nach raibh aon mhionsonraí teagmhála ar bith i leabhrán treorach an Rialtais.

Tá an Coimisiún sásta gur fheidhmigh sé iomlán a ról agus gur fhan sé idir neamhspleách agus neodrach le linn an phróisis ar fad. Is mian leis an gCoimisiún a admháil, áfach, go bhfuil míthuiscint fós ann i measc an phobail maidir lena ról. Creideann go leor daoine, roinnt ionadaithe poiblí agus tráchtairí sna meáin san áireamh, go bhfuil sé fós d'oibleagáid ar an gCoimisiún na hargóintí ar son agus i gcoinne an reifrinn a chur chun cinn i ndáil le gach togra le haghaidh reifrinn, nó gur cheart don Choimisiún amhlaidh a dhéanamh. De bharr athrú ar an dlí in 2001, ní cheadaítear don Choimisiún feidhmiú na saincheisteanna sin a chur i láthair ar an mbealach seo a thuilleadh. Cuireadh leis an míthuiscint nó mearbhall seo le linn an Reifrinn seo de bharr go raibh gníomhaíochtaí an Choimisiúin - is é sin, a bheith ag comhlíonadh a fheidhmeanna reachtúla, ag tarlú i gcomhuain leis an bhfeachtas feasachta ar thug an Rialtas faoi, lenar áiríodh leabhrán treorach a scaipeadh a raibh formáid i gceist leis a d'fhág nach raibh na toghthóirí cinnte cárbh as a tháinig leabhrán treorach sin an Rialtais.

Is mian leis an gCoimisiún Reifrinn moltaí a réamhtheachtaithe a athrá le pointí 1 go 3 thíos agus dhá moladh bhreise a chur leis freisin:

1. Ba cheart go mbeadh an Coimisiún Reifrinn ina aonán leanúnach ó thaobh an dlí de sa chaoi go mbeidh sé in ann a fheidhmeanna a fheidhmiú ar an mbealach is éifeachtaí agus is féidir.
2. Tabhair tréimhse trí mhí ar a laghad don Choimisiún le togra reifrinn a mhíniú i gceart.
3. Caithfear athbhreithniú a dhéanamh ar an bpróiseas reifrinn, lena n-áirítear sainchúram reachtúil an Choimisiúin Reifrinn, agus aird á tabhairt ar Chód Dea-Chleachtais Chomhairle na hEorpa maidir le Reifrinn (Márta 2007).
4. I gcás go dtáirgfidh roinn nó gníomhaireacht rialtais leabhrán treorach faisnéise maidir le togra reifrinn, ba cheart go gcinnteofaí lena dhearadh agus ábhar siúd gur féidir é a idirdhealú go soiléir ó ábhar an Choimisiúin Reifrinn. Ba cheart go mbeadh iomlán na mionsonraí teagmhála in aon leabhrán treorach dá leithéid.
5. I bhfianaise na forála in alt 1(c) d'Acht an Reifrinn 2001, lena sonraítear mar fheidhm de chuid an Choimisiúin an tasc maidir le feasacht an phobail ar an Reifreann a chur chun cinn, agus ní amháin sin, ach "na toghthóirí a spreagadh le vótáil lá na vótaíochta", gur cheart gurbh é an Coimisiún a chomhlíonfadh gach caiteachas de chuid an Rialtais maidir le fógráin lena spreagtar daoine le vótáil, sa chaoi go gcinnteofar go mbeidh feachtas comhordaithe bainistithe ann agus go mbainfear an úsáid is fearr as an airgead a bheidh ar fáil. Ní bhaineann an moladh seo le dualgas an Rialtais faisnéis a thabhairt ach tá sé teoranta don chaiteachas ar leithligh a chaitear ar fhógráin arbh iad a n aonfheidhm dhíreach daoine a spreagadh le vótáil.



# Buíochas agus Aguisín

Arís eile, tá an Coimisiún go mór i gcomaoin a sholáthraithe seirbhísí as cabhrú leis cuid mhór tascanna éagsúla a chur i gcrích agus gan ach fíorbheagán ama ar fáil dóibh. Is fiú na comhlachtaí éagsúla craolacháin agus an preas náisiúnta a lua go speisialta as comhoibriú go gníomhach linn.

Mar an Sainchomhairleoir Margaíochta/Cumarsáide don Choimisiún, d'imir Murray Consultants, agus go háirithe an tUas. Mark Brennock agus Aoibheann O' Sullivan, Uas. ról ríthábhachtach lena chinntiú gur comhlíonadh sraitheanna éagsúla an fheachtais in am agus ar bhealach comhordaithe. Tháirg gníomhaireacht fógraíochta cruthaithí Chemistry agus gníomhaireacht cheannacháin meán cumarsáide Carat obair ardchaighdeáin agus fíorbhrú ó thaobh ama orthu. Tá buíochas ar leith tuillte ag an Uas. Fintan Cooney ó Chemistry agus an tUas. Liam McDonnell ó Carat faoi mar atá ag na foirne a oibríonn leo.

Chabhraigh scileanna Ita Mangan Uas., maidir le raon leathan d'ábhar faisnéise a dhréachtú, go mór leis an bhfeachtas. Tá an Coimisiún buíoch dá shainchomhairleoir dlí, an tUas. Peter Law agus an Dr Vincent Power ó A&L Goodbody, freisin agus dá Abhcóide Sinsearach, an tUas. Michael Collins agus don Dr Ailbhe O'Neill BL.

Tá an Coimisiún i gcomaoin go mór dá rúnaíocht, a sholáthair an Coimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí, as a cuid oibre le cabhrú leis le linn feachtais faisnéise poiblí a raibh an t-uafás brú i gceist leis. Gan a chúnamh agus a n-eolas, ní fhéadfadh an Coimisiún a chuid feidhmeanna a chomhlíonadh. Ba mhaith linn buíochas a ghabháil leo ar fad agus go háirithe David Waddell. Sholáthair Oifig an Ombudsman na háiseanna riachtanacha go léir don Choimisiún freisin agus rannchuidigh go leor d'fhoireann na hOifige sin lena cuid oibre freisin. Tá an Coimisiún fíorbhuíoch ar fad freisin do Bernie McNally, Uas., Ard-Stiúrthóir, Oifig an Ombudsman.

**Kevin Feeney** Cathaoirleach

**Kieran Coughlan** Cléireach Dháil Éireann

**Deirdre Lane,** Cléireach Sheanad Éireann

**Emily O'Reilly,** Ombudsman

**Seamus McCarthy** Ard-Reachtaire Cuntas & Ciste

## Aguisín

| Caiteachas ar an bhFeachtas Faisnéise | Conradh maidir le Cobhsaíocht Fhioscach |
|---|---|
| | € |
| Fógraíocht (seachas fógraíocht sa phreas) | 1,037,864 |
| Costais dlí<br>Seirbhísí Dlí don Choimisiún – €131,076<br>An tUasal Piaras Ó Dochartaigh v An Coimisiún – €83,424 | 214,500 |
| Preas & prómoisin eile feasachta poiblí | 311,972 |
| Costais phostais & dáileacháin eile | 195,200 |
| Priontáil & foilseacháin a dhearadh | 243,291 |
| Costais riaracháin eile | 9,112 |
| Aistriúcháin | 2,022 |
| Ilghnéitheach (soláthairtí oifige srl) | 8,716 |
| Taighde | 30,750 |
| Caiteachas Iomlán | 2,053,427 |
| Buiséad bunaidh | 2,200,000 |
| Iarmhéid tugtha ar ais | 146,573 |